

An Ghaeilge san Eoraip

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuirisc faoin tseirbhís Ghaeilge atá ar fáil i bParlaimint na hEorpa. Féach ar an tuairisc cúpla uair agus pléigh féin agus an duine in aice leat na ráitis seo. Ansin abair an bhfuil siad fíor nó bréagach.

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. 11 Feisire atá ag Éirinn san Aontas Eorpach	
2. Bhain leath de na Feisirí úsáid as na seirbhísí Gaeilge	
3. Dúirt Maireád McGuinneas nach raibh go leor Gaeilge aici le labhairt sa Pharlaimint	
4. Deir Proinsias de Rossa go bhfuil sé líofa go leor na ceisteanna casta a fhreagairt i nGaeilge	
5. Maíonn Jim Higgins go bhfuil Gaeilge líofa ag gach Feisire	
6. Is é Liam Aylward is minice a úsáideann Gaeilge sa Pharlaimint	
7. Níl an tseirbhís aistriúcháin ar fáil do na coistí ar fad	
8. Deir Proinsias de Rossa go bhfuil an-bhunús cultúrtha agus airgeadais ag baint leis na seirbhísí Gaeilge	

Ceist 2

Anois féach ar an tuairisc arís. Bhí an leagan Gaeilge de na frásaí seo le cloisteáil inti. An féidir leat iad a aimsiú?

1. translation services
2. interpretation services
3. plenary sessions
4. fluency
5. standard
6. spoken Irish
7. committees
8. application

Ceist 3

'...ní raibh an tseirbhís ateangaireachta á húsáid...'

An féidir leat a mhíniú cén fáth a bhfuil an 'h' anseo?

Anois agus an riail ar eolas agaibh, an féidir libh na lúibíní thíos a bhaint amach?

1. Caithfear fadhbanna baincéireachta na tíre a ghlacadh san áireamh agus todhchaí na tíre á (meas) _____.
2. Deir sé go bhfuil an tsiopadóireacht á (déanamh) _____ aige.
3. Bhí an scéal á (chumadh) _____ agam nuair a tháinig gach duine.
4. Is minic a bhíonn na daoine sa teach sin á (cáineadh) _____ aici.
5. Beidh réiteach na faidhbe sin á (plé) _____ acu ar maidin.

Ceist 4 ‘...as an tseirbhís...’

Cén fáth a bhfuil *t* roimh an fhocal *seirbhís* thuas? Pléigh an cheist leis an duine in aice leat agus ansin déanaigí iarracht an leagan ceart de na hainmfhocail thíos a scríobh. Cuirtear in iúl le *f*. má tá an focal firinscneach agus le *b*. má tá sé baininscneach.

1. an (seanfhear) f. _____
2. an (siopa) f. _____
3. an (scéal) f. _____
4. an (súil) b. _____
5. an (scrúdú) f. _____
6. an (seanbhean) b. _____
7. an (scéim) b. _____
8. an (solas) f. _____
9. an (sráid) b. _____

Anois, cuirigí an focal *faoin* roimh gach sampla thuas.

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a bheith á húsáid i bParlaimint na hEorpa, dar leat? Cén fáth?

Cad atá ar eolas agat faoi obair an ateangaire?

Ar mhaith leat féin post mar aistritheoir nó mar ateangaire san Aontas Eorpach? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Ráiteas	Fíor/Bréagach
1. 11 Feisire atá ag Éirinn san Aontas Eorpach	<i>bréagach</i>
2. Bhain leath de na Feisirí úsáid as na seirbhísí Gaeilge	<i>fíor</i>
3. Dúirt Maireád McGuinneas nach raibh go leor Gaeilge aice le labhairt sa Pharlaimint	<i>fíor</i>
4. Deir Proinsias de Rossa go bhfuil sé líofa go leor na ceisteanna casta a fhreagairt i nGaeilge	<i>bréagach</i>
5. Maíonn Jim Higgins go bhfuil Gaeilge líofa ag gach Feisire	<i>bréagach</i>
6. Is é Liam Aylward is minice a úsáideann Gaeilge sa Parlaimint	<i>fíor</i>
7. Níl an tseirbhís aistriúcháin ar fáil do na coistí ar fad	<i>fíor</i>
8. Deir Proinsias de Rossa go bhfuil an-bhunús cultúrtha agus airgeadais ag baint leis na seirbhísí Gaeilge	<i>bréagach</i>

Ceist 2

1. translation services – *seirbhísí aistriúcháin*
2. interpretation services – *seirbhísí ateangaireachta*
3. plenary sessions - *lánseisiúin*
4. fluency - *líofacht*
5. standard - *caighdeán*
6. spoken Irish – *Gaeilge labharha*
7. committees – *coistí*
8. application – *iarratas*

Ceist 3

1. Caithfear fadhbanna baincéireachta na tíre a ghlacadh san áireamh agus todhchaí na tíre á **meas**.
2. Deir sé go bhfuil an tsiopadóireacht á **déanamh** aige.
3. Bhí an scéal á **chumadh** agam nuair a tháinig gach duine.
4. Is minic a bhíonn na daoine sa teach sin á **gcáineadh** aici.
5. Beidh réiteach na faidhbe sin á **phlé** acu ar maidin.

Ceist 4

Má thosaíonn focal baininscneach le *s*, cuirtear *t* roimhe: an tsochraid

Tar éis réamhfhocal + alt, cuirtear *t* roimh aon ainmfhocal baininscneach a thosaíonn le **s + guta, sl, sn, sr**.

ag an tsochraid

ach

leis an siúcra, faoin socrú (firinscneach)

an seanfhear	faoin seanfhear
an siopa	faoin siopa
an scéal	faoin scéal
an tsúil	faoin tsúil
an scrúdú	faoin scrúdú
an tseanbhean	faoin tseanbhean
an scéim	faoin scéim
an solas	faoin solas
an tsráid	faoin tsráid

Ceist 5

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Éimear Ní Chonaola

Anois, cé hiad na Feisirí Eorpacha as an tír seo a bhíonn ag baint úsáide as na seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta Gaeilge atá ar fáil dóibh ag seisiúin i bParlaimint na hEorpa? Rinne Nuacht TG4 an scéal a fhiosrú agus frítheadh amach nár bhain ach leath de na Feisirí úsáid as na seirbhísí ateangaireachta ó lár dhá mhíle is a naoi go deireadh na míosa seo caite.

Áine Lally

Go raibh maith agat a Eimear. Dhá Fheisire dhéagⁱ atá ag Éirinn san Aontas Eorpach. Níor úsáid ach leath de na Feisirí sin na seirbhísí ateangaireachta Gaeilge ag na lánseisiúin i bParlaimint na hEorpa le os cionn bliana anuas. De réir an eolais atá ar fáil ó na lánseisiúin sa bParlaimint, ní raibh an tseirbhís ateangaireachta á húsáid ag na Feisirí seo. Seo ó cuireadh tús leis an tréimhse nua i lár na bliana seo caite. I ráiteas ó Mhairéad McGuinness dúirt sí nach bhfuil a dóthain Gaeilge aici len í a labhairt sa bParlaimint. Dúirt Proinsias de Rossa nach mbíonn ach nóiméad aige le labhairt de ghnáth, agus níl an líofacht aige chun labhairt go cruinn i nGaeilge ar cheisteanna casta a bhíonn ar chlár na Parlaiminte. Dúirt Gay Mitchell nach bhfuil caighdeán ard Gaeilge aige agus go bhfuil iarrtha aige ar a oifig ceisteanna a ullmhú i nGaeilge le gur féidir leis iad a úsáid ag na lánseisiúin. Ba ábhar díomáchⁱⁱ do Jim Higgins, a deir sé, nach bhfuil níos mó Gaeilge le cloisteáil sa bParlaimint faoi láthair ach go dtuigeann sé nach bhfuil Gaeilge ag chuile Fheisire ón tír seo.

D'úsáid na Feisirí seo a leanas leibhéalⁱⁱⁱ éagsúla de na seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta i nGaeilge sa bParlaimint le os cionn bliana. Gaeilge labhartha agus/nó scríofa atá i gceist. Is é Liam Aylward is mó a bhain úsáid as an tseirbhís aistriúcháin Gaeilge sa bParlaimint ó lár dhá mhíle is a naoi. Bhain sé úsáid as an nGaeilge tríocha is a naoi uair. Bhain na Feisirí eile úsáid as na seirbhísí an méid seo uaireanta ag na lánseisiúin. Níl an tseirbhís aistriúcháin Gaeilge ar fáil ag leibhéal na gcoistí san Aontas Eorpach faoi láthair. An bhfuil gá go leanfaidh leis an tseirbhís? Dúirt Proinsias de Rossa nach bhfuil aon bhunús cultúrtha nó airgeadais leis an tseirbhís a leanúint^{iv} chun coistí uilig sa bParlaimint. Tá sé den tuairim go mbeadh sé i bhfad níos fearr an t-airgead don Ghaeilge a úsáid anseo in Éirinn. Is ar Rialtas na hÉireann a bheadh sé iarratas a dhéanamh chuig an Aontas Eorpach dá dteastódh uatha an tseirbhís Ghaeilge a leanúint. Ar ais agatsa, a Eimear.

Baineann na focail a bhfuil líne fúthu le canúint Chonnacht: **fuarthas, sa Pharlaimint agus le hí atá ceart ó thaobh an chaighdeáin de.*

ⁱ *déag* a deirtear

ⁱⁱ *ábhar dhíomách* a deirtear

ⁱⁱⁱ *leibhealacha* a deirtear

^{iv} *leanadh* a deirtear